

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Innéacs a ghabhann leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Leathanach
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	4
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	5
Gníomhaíochtaí agus Costais Pá	6
Beartais Chuntasaíochta	7
Ráiteas Oibriúcháin	8
Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha	9
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	10 - 27

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Cuireann Alt 51 den Acht sin de cheangal ar an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách maidir le hairgead a fhaightear nó a chaitear, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le ceadú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


Agus na ráitis seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) na polasaithe cuntaisíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an BOO a ullmhu
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntaisíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Síniú:



Cathaoirleach: Neil Feighery

Dáta: 28/9/2020



Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar a fhoráiltear faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF) freagrach as éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an BOO a athbhreithniú agus a chinntiú.

Bunaíodh bord nua do BOOLUF ar an 27 Lúnasa 2019 agus ag cruinniú dá chuid ar an 25 Samhain 2019, rinne an Bord an Coiste Airgeadais agus an Coiste agus Iniúcháireachta agus Riosca a cheapadh.

Mar Chathaoirleach BOOLUF, admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go n-oibreofar agus go gcoinneofar córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtúil eacnamaíoch. In 2019, d'fheidhmigh BOOLUF faoi Chód Cleachtais na mBOOanna arna ghlacadh ag BOOLUF ar an 28 Feabhra 2019. Is é is aidhm le córas den chineál sin ná a áirithiú go gcosnófar sócmhainní, go gceadófar agus go ndéanfar idirbhearta a thaifeadh mar is ceart, agus go ndéanfar aon earráidí nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil. Rinne an Bord an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a fhaomhadh ar an 30 Márta 2020.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Cuimsítear sa chóras rialaithe inmheánaigh córas iomlán rialuithe, rialuithe airgeadais agus rialuithe eile, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach, arna mbunú ag BOOLUF chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- A chinntiú go mbaintear amach na Feidhmeanna Reachtúla atá air faoi Alt 10 d'Acht 2013;
- Comhlíonadh le reachtaíocht iomchuí agus oibleagáidí maoinithe a chinntiú;
- A chinntiú go ndéantar sócmhainní a chosaint;
- Ionracas idirbhearta a chinntiú; agus
- Cruinneas agus iontaofacht taifead a chinntiú a mhéid is féidir.

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta agus foirne a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú maidir le rioscaí uile a shainaithint, rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOOLUF a chuspóirí a bhaint amach;
- Beartas Bainistíochta Riosca a ghlacadh ag a chruinniú ar an 4 Aibreán 2016;
- Nósanna imeachta a chur ar bun maidir le tuairisciú a dhéanamh ar chlistí rialaithe sonracha, agus ar mhaithe le gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh arna fheidhmiú ag BOOLUF bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Leithscaradh dualgas;
- Údaruithe sonracha;
- Seiceáil inmheánach;
- Athbhreithniú míosúil ag an mbainistíocht ar thorthaí iarbhír agus ar thorthaí buiséadaithe na glár arna bhfeidhmiú ag BOOLUF.
- Athbhreithniú ar na córais rialaithe inmheánaigh arna ndéanamh ag Oifigeach um Chomhlíonadh BOOLUF

Tacaíonn an Coiste Airgeadais leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le cúrsaí airgeadais. Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais 2019 agus moladh don Bhord iad a ghlacadh ar an 27 Márta 2020. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile 4 huairé le linn 2019. Chuir BOOLUF an fhaisnéis ar fad arna leagan amach i dTearmaí Tagartha an Choiste Airgeadais ar fáil le haghaidh na gcrúinnithe go léir.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí um rialú inmheánach, lena n-áirítear rialú corparáideach, bainistíocht riosca, rialuithe inmheánacha/rialuithe neamhairgeadais agus athbhreithniú a dhéanamh ar na dearbhuithe arna gcur ar fáil. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile 4 huairé le linn 2019. Chuir BOOLUF an fhaisnéis ar fad arna leagan amach i dTearmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar fáil le haghaidh na gcrúinnithe go léir.

Tá Córas Bainistíochta Riosca Corparáidigh i bhfeidhm ag BOOLUF ar fud a scoileanna, a Bhreisoideachais agus Oiliúna, agus a Cheannoifigí. Tagann Foireann Bainistíochta Riosca le chéile ar bhonn ráithiúil chun an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú. Cuirtear an Clár Rioscaí nuashonraithe faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca lena fhaomhadh agus lena mholadh do Bhord BOOLUF agus glacann an Bord leis ar bhonn foirmiúil.

Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná:

- obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann breithniú ar thuarascálacha iniúcháireachta inmheánaigh agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar thuarascálacha don bhord ina leagtar amach cibé an bhfuil, i dtuairim an iniúcháora seachtraigh, córais leordhóthanacha agus iomchú rialaithe inmheánaigh á bhfeidhmiú ag an bPríomhfheidhmeannach;
- an Príomhfheidhmeannach, ar a bhfuil freagracht maidir leis an gcreat rialaithe airgeadais;
- moltaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easpaí rialaithe a chur in iúl iad dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a ghlacadh, agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is iomchú. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shaináithnítear.
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- Déanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeánacha ábhartha eile.

Cuireann na nithe seo a leanas bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais:

- an Príomhfheidhmeannach, ar a bhfuil freagracht maidir leis an gcreat rialaithe airgeadais.
- moltaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Ta BOOLUF tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtúil eacnamaíoch a fheidhmiú. Dearbhaím go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, ag a chruinniú ar an 27 Márta 2020, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ar an mbonn a leagtar amach sa Chód Cleachtas chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.

Áirítear leis sin:

- Athbhreithniú ar thuarascálacha inmheánacha agus seachtracha arna n-eisiúint in 2019 agus go dáta in 2020, mar aon le himscrúdú ar mhiontuairiscí an Bhoird, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil neamhréireachtaí iontu, mar aon le measúnú a dhéanamh ar an rialú inmheánach arna chur ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i dTuarascálacha um Iniúcháireacht Inmheánach agus ar ionadaíochta ón mbainistíocht.
- Fuair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go raibh an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus iomchuí ar an iomlán. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas sin ar an bhfaisnéis a bailíodh ón bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.
- Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascáil faoi bhráid an Bhoird maidir le hathbhreithniú ar rialuithe ar an 30 Márta 2020.
- Coinnítear Clár Rioscaí cothrom le dáta agus cuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta é ar bhonn rialta.

Rinne an Bord an ráiteas sin a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag a chruinniú ar an 30 Márta 2020.

Soláthar Poblí

Tá BOOLUF tiomanta go hiomlán do rialacháin agus treoirlínte náisiúnta agus AE um sholáthar a chomhlíonadh. D'ainneoin sin, níl BOOLUF tar éis a fhreagrachtaí go léir a chomhlíonadh i ndail le rialacháin um sholáthar. Is ann do chásanna ina soláthraítear earraí agus seirbhísí go háitiúil i gcomhréir le beartas soláthair BOOLUF ach go ndeachaigh an luach carnach ar fud na suíomhanna go léir thar na tairsigh náisiúnta um thairiscintí. In 2019, áfach, d'fhorbair BOOLUF Plean Corparáideach Soláthair agus leanfaidh sé den obair chun a chomhlíonadh a áirithiú.

Ba ionann na gceannachán ar fad nár bhain tairiscint náisiúnta leo agus €575,727. Is iad seo a leanas na réimsí a bhí i gceist: Cíos ar Gléasra agus Innealra €370,792, Stáiseanóireacht €56,954, Ábhar Clóite lena n-áirítear Dialanna Scoile €125,966 agus Comharthaíocht €22,015.

Gléasra agus Innealra

- In 2019 thabhaigh BOOLUF caiteachas €370,792 i leith Gléasra agus Innealra a fháil ar léas. Cuireadh tús leis an gConradh i mí Márta 2017 agus d'eascair sé as athbhreithniú agus staidéar indéantachta ar Ghléasra agus Innealra. Tháinig an staidéar ar an tátal go raibh an Gléasra agus Innealra as dáta, nach raibh sé oiriúnach d'oiliúint agus gur cheart Gléasra agus Innealra nua a chur ina áit. I bhfianaise an riachtanais phráinnigh an Gléasra agus Innealra nua a bheith i bhfeidhm chun freastal ar an éileamh ar oiliúint agus ar cheanglais nua um oiliúint agus an amlíne tascach a bhaineann le soláthar den chineál seo, d'fhostaigh BOOLUF Holden Plant Rentals chun fáil réidh leis an sean Gléasra agus Innealra agus trealamh nua a chur ar fáil ar léas. Bhí sé seo i gcomhréir le hAlt 6 (Cúinsí Eisceachtúla) de Bheartas agus Nósanna Imeachta BOOLUF um Sholáthar.
- Thug BOOLUF cuireadh chun tairisceana go luath in 2020 agus bronnadh an conradh ar an bhforthairgeoir ar éirigh leo le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2022, leis an rogha síneadh bliana a chur leis faoi dhó.

Stáiseanóireacht:

- Bhí Creat Stáiseanóireachta Oifig an tSoláthair Rialtais i bhfeidhm ach bhí sé le dul in éag ar an 4 Meitheamh 2019. Bhí Oifig an tSoláthair Rialtais ag obair ar chreat nua ach de dheasca dúshlán, ní riabh siad in ann socrúithe eile a chur i bhfeidhm ag an am sin. Ba ionann an caiteachas ó dheireadh an chreata go dtí an 31 Nollaig 2019 agus €56,954. Le linn na tréimhse sin, áfach, mhol BOOLUF do scoileanna agus ionaid 3 luachan a lorg le haghaidh ceannachán stáiseanóireachta. Rith BOOLUF a thairiscint féin go luath in 2020 agus bronnadh conradh le héifeacht ón 1 Meitheamh 2020 go dtí

an 31 Bealtaine 2021, le rogha síneadh 6 mhí a chur leis faoi dhó. Tá BOOLUF fós ag fanacht le tairiscint stáiseanáireachta ó Oifig an tSoláthair Rialtais.

Ábhar clóite lena n-áirítear Dialanna Scoile:

Chuir BOOLUF tús le próiseas soláthair i mí na Nollag 2019 chun ábhar clóite agus dialanna scoile a fháil. Bronnadh conradh maidir le hábhar clóite le héifeacht ón 1 Márta 2020 go dtí an 28 Feabhra 2021, le rogha síneadh bliana a chur leis faoi dhó ina dhiaidh sin. Níor éirigh leis an bpróiseas tairisceana maidir le dialanna scoile, áfach. Tá BOOLUF i mbun tairisceana eile a chur amach le haghaidh Dialanna Scoile.

Comharthaíocht:

- Chuir BOOLUF tairiscint amach le haghaidh Comharthaíochta agus tá na 3 soláthraí i bhfeidhm ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2019 ann.

Raitis Pinsin

Tá leibhéal neamhchomhlíonadh thart ar 80% ag BOOLUF ó thaobh a oibleagáidí dlíthiúla ráitis sochair bliantúla a chur ar fáil a chomhlíonadh. Níl BOOLUF in ann na ráitis sin a chur ar fáil de bharr srianta na gcóras reatha TF, taifead de láimh, agus líon ball foirne. Tá cás gnó ar bhonn na mBOOanna go léir déanta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tuilleadh foirne a lorg d'fhonn gabhála sonraí. Ina theannta sin, tá cás á dhéanamh freisin ar bhonn na mBOOanna go léir chun teacht ar réiteach oiriúnach i ndáil leis an gCóras TF.

Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuair BOOLUF aon nochtuithe cosanta in 2019 faoin An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Beartas Frithchalaioise

Níor tuairiscíodh teagmhas ar bith faoi Bheartas Frithchalaioise BOOLUF in 2019.

Iniúchadh Inmheánach

Soláthraíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí - na Boird Oideachais agus Oiliúna feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí.

Tá torthaí an iniúchta bunaithe ar Théarmaí Tagartha Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na BOOanna agus soláthraíonn an t-aonad tuairim iniúcháireachta fhoriomlán ar an réimse arna iniúchadh.

Tá an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a fhaightear le linn na hiniúcháireachta agus is iad seo a leanas an ráta de thuairimí féideartha:

- Cuimsitheach - tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus feidhmíonn sé ar bhealach éifeachtúil
- Leordhóthanach - tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach go ginearálta agus feidhmíonn sé ar bhealach éifeachtúil
- Neamhdhóthanach - tá an córas rialaithe inmheánaigh neamhdhóthanach agus ní fheidhmíonn sé ar bhealach éifeachtúil

Rinneadh iniúchadh Soláthraithe Speisialaithe Oiliúna i mí na Samhna 2018 agus fuarthas an tuarascáil dheireanach ó Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí BOOanna i mí na Samhna 2019 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ar an 27 Márta 2020. Is é toradh foriomlán na tuarascála ná go bhfuil córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Luaitear 11 mholadh sa tuarascáil ar an iomlán - 3 cinn díobh ard, 5 cinn díobh meánach agus 3 cinn díobh íseal. Tá BOOLUF tar éis na moltaí ar fad a chur i bhfeidhm agus tá sé ag obair, mar a mhol an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le SOLAS, agus le BOOanna eile ar fud na tíre maidir leis an athbhreithniú ar an bpróiseas soláthair ó thaobh Soláthraithe Speisialaithe Oiliúna a roghnú agus a chinntiú

go bhfuil conarthaí atá údaraithe go hiomchuí i bhfeidhm idir BOOLUF agus Soláthraithe Speisialaithe Oiliúna.

Cuireadh iniúchadh inmheánach TFC i gcrích in 2018. Is iad seo a leanas na rialuithe Bainistíochta Córas TF agus Líonra arna gcumhdach ag an iniúchadh seo:

- Pleanáil um Leanúnachas Gnó / Athshlánú ó Thubaiste
- Dearadh Líonra
- Seirbhísí TF Seachfhoinsithe Socruithe um Athshlánú ó Thubaiste
- Cúltacú agus Athbhunú an Chóraid TF
- Rialú Slándála Thairseach an Líonra

Is é tuairim fhoriomlán na tuarascála iniúchóireachta ná go raibh na rialuithe i bhfeidhm neamhdhóthanach. Ina dhiadh sin, chuir an bhainistíocht plan i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus moltaí arna ndéanamh sa tuarascáil. Luaitear 31 moladh ar an iomlán sa tuarascáil; tá 10 gcinn díobh curtha i bhfeidhm; tá 12 cinn díobh curtha i bhfeidhm i bpáirt agus tá an obair fós ar siúl ar bhonn leanúnach; agus tá 9 gcinn díobh fós le cur chun feidhme.

Anseo thíos, tá achoimre ar an dul chun cinn atá déanta go dáta ar chuid de na moltaí ag an leibhéal áitiúil:

- Tá grúpa oibre i bhfeidhm ag leibhéal Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), lena n-áirítear Stiúrthóirí TFE (Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin), Oifigeach Tacaíochta TFC BOOÉ, Seirbhísí Tacaíochta TFE BOOÉ, agus Bainisteoirí TFC BOOÉ. Tá Plean Leanúnachais Gnó forbartha ag BOOÉ agus tá sé sin á rolladh amach ar bhonn píolótach i BOO amháin sula ndéanfar é a rolladh amach chuig na BOOanna ar fad.
- Tá BOOLUF tar éis na bhfriothálaithe Riaracháin a bhogadh go Azure, córas néalbhunaithe, agus tá cúltacú ag tarlú gach 5 nóiméad.
- D'uasghrádaigh BOOLUF a ríomhairí ar fad ina oifigí Riaracháin i dTulach Mhór agus i bPort Laoise go Windows 10.
- Cuireadh isteach Friothálaí nua i bPort Laoise.
- Tá BOOLUF ag cinntiú go mbeidh foráil um Athshlánú ó Thubaiste san áireamh i ngach conradh/Comhaontú Seirbhíse amach anseo.
- Beartais agus nósanna imeachta TFC a uasdátú agus a athbhreithniú
- Beartais agus Nósanna Imeachta a uasdátú agus a athbhreithniú
- Rinneadh Stocáireamh Bainistíochta Sócmhainní
- Tá Measúnuithe Riosca i gcomhréir lenár Measúnú ar Riosca Corparáideach
- Cuireadh an Beartas Cosanta Sonraí TFC i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí

Tá BOOLUF ag leanúint ar aghaidh i mbun oibre leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna foirne agus acmhainní arna sainathint sa Tuarascáil Iniúchóireachta agus d'éirigh leis ceadú a fháil Grád IV a fhostú sa Rannóg TFC. Líonadh an post sin ar an 2 Eanáir 2020.

Rótharraingt

Léirigh cuntas bainc BOOLUF rótharraingt ar an 31 Nollaig 2019. Is de bharr é earráid a rinneadh nuair a bhí na cistí a bheadh ag teastáil thar thréimhse na Nollag á ríomh a tharla seo. Tarlúint aon uaire a bhí ann. Níor imir sé tion char ar bith ar íocaíochtaí do bhaill foirne ná do sholáthraithe. Táthar tar éis srianta níos daingne a chur i bhfeidhm; cuirfean an scarbhileog monatóireachta i gcrích agus déanfar í a sheiceáil ag tús na míosa, rud a chuirfidh béim ar na dátaí a thógfaidh an banc airgead as an gcuntas. Déanfar an chuid sin de IBB a bhaineann le comhaid íocaíochta a sheiceáil gach lá agus síneofar iad de réir mar a sheiceáiltear iad.


Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Bunaíodh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar in earnáil an Oideachais. Aistríodh an párolla fhoireann BOOLUF chuig na seirbhísí seo i mí na Samhna 2019. Tá SGCO freagrach as an bpárolla a phróiseáil agus tá BOOLUF fós freagrach as treoracha a eisiúint chuig na seirbhísí comhroinnte maidir le hathruithe ar phárollaí agus ar an bhfeidhm Acmhainní Daonna.

Dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil sé tar éis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse atá sínithe agus curtha i bhfeidhm idir BOOLUF agus an Roinn Oideachais agus Scileanna/Ionad Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO). Tugann na doiciméid seo creat ina bhfeidhmíonn Seirbhísí Comhroinnte SGCO-BOO thar ceann na hearnála BOO.

Bíonn an Príomhfheidhmeannach ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinn Oideachais agus Scileanna ina luaitear go gcuirtear rialuithe iomchuí i bhfeidhm agus seirbhísí párolla á gcur ar fáil ag SGCO do BOOLUF.

Síniú:



Cathaoirleach: Neil Feighery

Dáta:

28/09/2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar bheartais chuntasaíochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- nótaí gaolmhara

I mo thuairim,

- tugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird do 2019 agus ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2019 agus
- tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta arna leagan síos aga an Aire Oideachais agus Scileanna.

Bonn na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúcháireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Bord faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá sa mhéid sin na an ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas um rialú inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais íocaíochta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2019 nuair nár lean na nósanna imeachta na treoirlínte um sholáthar poiblí. Leagtar amach sa ráiteas freisin na bearta atá déanta nó beartaithe ag an mBord chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Coiste
30 Meán Fómhair 2020

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltáí an Bhoird

Mar a leagtar amach sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá na comhaltáí Boid freagrach as:

- na ráitis airgeadais a ullmhú mar a leagtar amach faoi Alt 51 den Bord Acht um agus Oiliúint 2013
 - leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le beachtas réasúnta am ar bith staid airgeadais an Bhoird
- sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspoir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cuntas ina iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de dheasca calaois nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaite é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a réachtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. **Féadfaidh sé go dtagann míráitis chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinní eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.**

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Aithníim agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist gan míshonrú ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil clonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó **sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.**
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus na nochtuithe bainteacha.

Déanann cinneadh maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus cibé an dtugann ráiteas na n-iarhmhéideanna mar a léirítear iad i ráiteas na sócmhainní reatha agus na ndliteanas reatha léiriú ceart ar staid ghnóthaí an Bhoird.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaite ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir le na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tsli a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más fíor, i mo thuairimse, aon cheann de na ráitis seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura leor na taifid chuntasaióchta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh orthu, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaióchta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Gníomhaíochtaí agus Costais Pá

1 Príomhghníomhaíocht

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí Oideachas agus Oiliúint ar fud Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí, mar a leagtar amach thíos:

Seirbhís	Líon na Suíomhanna*	Líon na Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe***
Dara Leibhéal & Iar-Ardteistiméireacht Breisoideachas agus Oiliúint****	11	4875	
Páirtaimseartha / Ranganna Oíche****	15		11240
	2		172

*suíomhanna faoi úinéireacht BOO

**I gcás bunleibhéal agus dara leibhéal, tá sé seo bunaithe ar rollú sa bhliain acadúil I gcás Breisoideachais agus Oiliúna agus cúrsaí páirtaimseartha/ranganna oíche, tá sé bunaithe ar rolluithe aonair sa bhliain féilire

***Líon iomlán na n-áiteanna ar tugadh fúthu sa bhliain. Déantar é sin a ríomh trí rolluithe amháil an 1 Eanáir agus rolluithe eile ina dhiaidh sin le linn na bliana a chur le chéile.

****Áirítear Rannpháirtithe agus Tairbhíthe de Ranganna Páirtaimseartha/Ranganna Oíche i nIonaid Oiliúna in uimhreacha um Breisoideachas agus Oiliúint.

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus reáchtálann sé Tionscadail Féinmhaoinithe.

Is éard atá i gceist le hobair Gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta eile nó mac léinn, de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar na costais leis an mBord.

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná cláir atá á reáchtáil faoi rialú iomlán an Bhoird nó eagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é pá príomhchostas an Bhoird agus léiríonn an tábla seo a leanas na raonta pá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon Pá	Líon na bhFostaithe	Costas in 2019* €
0 - 59,999	757	19,064,853
60,000 - 69,999	117	7,619,550
70,000 - 79,999	92	6,862,503
80,000 - 89,999	26	2,171,835
90,000 - 99,999	11	1,031,054
100,000 - 109,999	9	938,009
110,000 - 119,999	4	452,595
120,000 - 129,999	2	251,300
130,000 - 139,999	0	0
140,000 - 149,999	1	147,670
Iomlán:	1019	38,539,369

*Áirítear i gcostas 2019 ÁSPC fostóirí.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe.

Ó 2013 aghaidh, ní mór d'iontrálaithe nua a bheith páirteach sa scéim pinsin aonair.

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann comhaltaí scéimeanna pinsin aonair seirbhísí poiblí ranníoc bhreise aoisliúntais a eascraíonn as an gComhaontú Cobhsaíochta Seirbhíse Poiblí 2018-2020 agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tá an Ranníoc Bhreise Aoisliúntais tar éis teacht in áit an laghdaithe pinsean-choibhneasa a tháinig deireadh leis ag deireadh 2018. Cé go raibh an laghdú pinsean-choibhneasa ina beart éigeandála sealadaí, is ranníoc buan í Ranníoc Bhreise Aoisliúntais maidir le luach saothair inphinsin. Bailíodh €1,236,445 in 2019, agus cuirtear ar ais é chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019
Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Polasaithe Cuntasaíochta

1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí ar an 1 Iúil 2013 agus tá á fheidhmeanna leagtha amach in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2 Beartais Chuntasaíochta Sonracha

(a) Bonn an Chuir i Láthair

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsítear leo Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair is gá, tá na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe athluaite ar na boinn chéanna leis na boinn don bhliain reatha.

b) Bonn an Ullmhúcháin

Cuirtear ar fáil sa Ráiteas Oibriúcháin Fáltais agus Íocaíochtaí de réir Grúpála Cláir agus déantar an Barrachas/(Easnamh) Airgid mar thoradh air a choigeartú do ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha ar an mbonn fabhráithe trí iarmhéideanna deontais stáit agus maoinitheoirí eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir na rialacha maoinithe.

Áirítear Féichiúnaithe Tríú Páirtí sna Sócmhainní Reatha. Áirítear Dliteanais Phá agus Chostais i nDliteanais Reatha.

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cláraítear mar chaiteachas i mbliain an cheannaigh na sócmhainní go léir a cheannaítear, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní inláimhsithe seasta a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Cláraítear mar chaiteachas gach stoc inchaite de réir mar a ceannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, lena n-áirítear iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochair shainithe. Áirítear baill foirne a fhostaítear ó 2013 i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus déantar íocaíochtaí míosúla chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Coinníonn an BOO asbhaintí aoisliúntais a dhéantar as pá fostaithe maidir leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe ón Stáitchiste, nó íoctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla thar ceann an BOO. Tá BOOanna freagrach as a bpinsin a riaradh Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhchaí a fabhraíodh do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.


(f) Cíosanna Léasa

Cláraítear mar chaiteachas gach cíos léasa de réir mar a thabhaítear iad.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí


Ráiteas Oibriúcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	Bliain dar chríoch 31/12/2019 €	Bliain dar chríoch 31/12/2018 €
ADMHÁLACHA			
Deontais Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	1	33,180,657	31,615,906
Deontais um Breisoideachais agus Oiliúna	2	20,781,761	19,077,956
Deontas um Sheirbhísí Óige	3	475,913	238,517
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	4	3,055,394	2,755,799
Capiteal	5	<u>2,237,401</u>	<u>2,506,968</u>
		59,731,126	56,195,146
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iarbhunscoileanna & Ceannoifig	6	32,984,098	31,124,952
Breisoideachais agus Oiliúna	7	21,654,642	18,514,103
Seirbhísí Óige	8	448,811	303,224
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	4	3,393,249	2,685,173
Capiteal	5	<u>1,355,854</u>	<u>2,733,973</u>
		59,836,654	55,361,425
Barrachas / (easnamh) airgid thirim don bhliain		(105,528)	833,721
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	19	<u>164,480</u>	<u>(1,363,153)</u>
Barrachas / (easnamh) ioncaim charnaigh don Bhliain		58,952	(529,432)
Barrachas / (Easnamh) Ioncam amhail an 1 Eanáir		26,052	555,484
Barrachas / (Easnamh) Ioncam amhail an 31 Nollaig	10	<u>85,004</u>	<u>26,052</u>

Síniú: 

Cathaoirleach: Neil Feighery

Dáta: 28/09/2020

Síniú: 

Príomhfheidhmeannach: Joe Cunningham

Dáta: 28/09/2020


Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 10 go dtí leathanach 26.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	31/12/2019 €	31/12/2018 €	
Sócmhainní Reatha				
Deontais Athfhillteacha Stáit	11	491,270	903,047	
Deontais Caipitiúla Stáit	12	83,343		
Ioncam Athfhillteach Eile	13	162,192	5,693	
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	14	34,185	35,544	
Iarmhéid Bainc		<u>3,566,006</u>	<u>3,671,534</u>	
		4,336,996	4,615,818	
Dlíteanais Reatha				
Deontais Athfhillteacha Stáit	15	954,153	1,475,293	
Deontais Caipitiúla Stáit	16	1,112,280	195,716	
Ioncam Athfhillteach Eile	17	679,139	881,841	
Dlíteanais Phá & Costais	18	<u>1,506,420</u>	<u>2,036,916</u>	
		4,251,992	4,589,766	
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		85,004	26,052	
Léirithe ag				
Barrachas/(easnamh) ioncam	10	85,004	26,052	
Anailís ar bharrachas/(easnamh) ioncain				
Clár		Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 2019 €	Barrachas / (Easnamh) Ioncain 2019 €	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 2018 €
Scoileanna & Ceannoifig		105,373	82,194	23,179
Ionad Oideachais Allamuigh Féinmhaoinithe			9,666	(9,666)
Gnóthaí Óige		(42,114)	5,937	(48,051)
Cláir Fhéinmhaoinithe		<u>21,745</u>	<u>(38,845)</u>	<u>60,590</u>
	10	85,004	58,952	26,052

Síniú:



Cathaoirleach: Neil Feighery

Dáta: 28/09/2020

Síniú:



Príomhfheidhmeannach Joe Cunningham

Dáta: 28/09/2020

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 10 go dtí leathanach 26.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitís Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

1 Admhálacha Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	Roinn Urraíochta I Maoinitheoir	Bliain dar chríoch	Bliain dar chríoch
		31/12/2019	31/12/2018
		€	€
Pá			
Glandeontas Airgid Thirim Iar-Bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	28,670,924	27,163,088
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Coinnithe	Oideachas agus Scileanna	<u>1,416,066</u>	<u>1,420,648</u>
		30,086,990	28,583,736
Neamhphá			
Glandeontas Airgid Thirim Iar-Bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	1,837,396	1,737,810
Táillí Teagaisc	Tuismitheoirí/mic léinn	89,300	78,710
Cúlchiste Caipitil Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	72,676	261,634
Díbhinn Árachais	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	13,200	38,098
Cíos	Eile	5,358	1,772
Úis Bainc	Banc	<u>567</u>	<u>453</u>
		2,018,497	2,118,477
Cláir Ghaolmhara			
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoileanna	Oideachas agus Scileanna	408,941	384,501
Straitéis Dhigiteach um Scoileanna	Oideachas agus Scileanna	168,512	102,572
DEIS	Oideachas agus Scileanna	126,725	119,561
Deontas Leabhar	Oideachas agus Scileanna	121,980	114,858
Tacaíocht Riaracháin SGCO	Oideachas agus Scileanna	75,000	0
Coimhdírí Iompair Scoile	Oideachas agus Scileanna	51,208	35,714
An Idirbhliain	Oideachas agus Scileanna	32,395	31,160
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach (Per Capita)	Oideachas agus Scileanna	20,989	15,855
Eile - 10 gcinn	Oideachas agus Scileanna	<u>69,420</u>	<u>109,472</u>
		1,075,170	913,693
Iomlán		<u>33,180,657</u>	<u>31,615,906</u>

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

2 Admhálacha um Breisoideachais agus Oiliúna	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	Bliain dar chríoch	Bliain dar chríoch
		31/12/2019 €	31 Nollaig 2018 €
Breisoideachais agus Oiliúna			
SDOG	SOLAS	2,218,884	2,380,419
Ógtheagmháil	SOLAS	2,069,745	2,182,639
Tionscnamh Ógtheagmhála um Riachtanais Speisialta	SOLAS	120,643	105,107
Cúrsaí Oiliúna	SOLAS	3,221,809	2,719,432
Párolla BOO	SOLAS	2,337,295	2,953,760
Soláthraithe Speisialaithe Oiliúna	SOLAS	2,146,708	2,097,414
Printíseachtaí	SOLAS	2,101,086	210,072
Costais Oibríochtúla BOO	SOLAS	1,566,998	1,571,888
Ionad Oiliúna Pobail	SOLAS	1,227,840	1,243,954
Tionscnamh Oiliúna Áitiúla	SOLAS	919,138	753,950
Lítearthachta d'Aosaigh	SOLAS	789,309	725,032
Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachais	SOLAS	694,548	1,117,440
Tacaíocht Soláthair BOO	SOLAS	398,402	274,817
Scileanna um Dhul ar Aghaidh	SOLAS	350,000	
Oideachas Pobail	SOLAS	192,788	169,070
Scileanna don Obair	SOLAS	105,906	157,427
Caipitíocht PLC	SOLAS	67,200	44,400
